

Corca Dhuibhne
Liam O’Neill

Fáiltím romhaibh go léir ó chian is ó chónagar idir chléir agus tuath. Fáiltím romhaibhse a mhuintir Chorca Dhuibhne, fáiltím romhaibhse ach go háirithe a mhuintir pharóiste eaglasta an Fheirtéaraigh agus inár measc tá an tAthair Ó hIceadha agus an tAthair MacGineá. Cuirim na múrtha fáilte roimis mhuintir pharóiste na Cille ach cuirim fíorchaoín fáilte roimis mhuintir Chathair Scoilbín go dtí seoladh agus ceiliúradh an leabhair seo, Corca Dhuibhne le Liam O’Neill foilsithe ag Bréanainn. Ba mhaith liom cúpla focal a rá ar dtúis mar gheall ar an scríbhneoir, file agus go mór mhór an foilsitheoir, Steve McDonogh a d’imigh uainn ar shlí na fírinne tamall gairid ó shin, beannacht Dé dílis leis. Ministir Protastúnach in Eaglais na hÉireann ab ea Jack McDonogh, athair Steve a bhí pósta le Barbara O’Sullivan, máthair Steve gurbh ó Bhleá Cliath dhóibh ó dhúchas. Cainteoir líofa Gaelainne ab ea Jack McDonogh agus chaith sé tréimhse san Oileán Tiar sna tríochadaí déanacha ag cur barr snasa ar a chuid Gaelainne. Chuaigh sé féin agus Barbara chun cónaí i Rugby i Sasana taréis pósta dhóibh marar thógadar triúr clainne, Terry, Deirdre agus Steve. Saolaíodh Terry agus Deirdre i Sasana ach bhíodh laochas an domhain ar Steve gur i mBleá Cliath a saolaíodh é féin. Agus seo mar a tharla sé, bhíodh a thuismitheoirí ag teacht ar saoire go Dún na nGall gach bliain agus nuair a bhí an leanbh seo ar iompar ag Barbara tháinig sí faoi luí tseoil gan choinne agus sa tslí sin saolaíodh Steve san ospidéal Rotunda i mBleá Cliath. In aois a seacht bliana cuireadh isteach i gcoláiste cónaithe é, Marlborough College i Wiltshire mar a raibh cuid de chlainn uasalaicme Shasana mar chomhdhaltaí aige. Ghoill an córas oideachais sin go mór air agus is minic a dheineadh sé tagairt do. Bhain sé céim amach sa Bhéarla in Ollscoil York i 1971 agus is le linn do a bheith ag freastal ar an gcoláiste céanna a scríobh sé a chéad leabhar *York Poems*. Níor chónaigh sé arís an chuid eile dá shaol i Sasana. Tar éis tréimhse ina Meirice tháinig sé chun cónaí i

mBleá Cliath agus sa bliain 1976 bhunaigh sé féin, Liland Bardwell, Desmond Hogan, Neil Jordan agus daoine eile *Irish Writers' Co-operative*. Sa bhliain 1982 bhunaigh sé féin agus Berni Goggin, comhlucht foilsitheoireachta, Brandon Press sa Daingean agus as san amach b'é Corca Dhuibhne a thearmann, a ionspioráid, an áit ab ansa leis ar domhan suas go dtín uair a cailleadh é. Fear neamhspléach, misniúil, neamheaglach físeach ab ea McDonogh. Throid sé dlithe cinsireachta agus bhí sé ag troid de shíor ar son cearta daonna. Scríobh sé trí leabhar filíochta, treoirleabhar ar Chorca Dhuibhne, leabhar ar Dhreoilíní an Daingin, leabhar ar chuid dá shaol féin agus an leabhar ba dhéanaí uaidh ar Barrack Obama. I measc an iliomad scríbhneoir a d'fhoilsigh sé bhí Father James McDyer, Helen Brennan, Joanne Hayes, Jerry Adams, Alice Taylor, Bryan McMahon agus a lán eile. Chuir sé amach eagrán nua do thrí leabhar le Walter Macken, leabhair le Patrick McGill go bhfuil ana cháil ar an leabhar 'Children of the Dead End.' D'fhoilsigh sé a chéad leabhar Gaelainne, Inis Mhic Fhaoláin le Mícheál Ó Dubhshláine i 2008. B'é a chéad smaoinigh ar an leabhar seo *Corca Dhuibhne* agus go mbeadh tagairtí Gaelainne as litríocht Chorca Dhuibhne ag freagairt dosna pictiúirí. *York Poems* an chéad leabhar a scríobh Steve agus b'é seo, *Corca Dhuibhne/Liam O'Neill* an leabhar deireannach a d'fhoilsigh sé. Bhí sé críochnaithe amach aige agus curtha go dtína clódóirí aige sara gcailleadh é, beannacht Dé lena anam. Deirim comhbhrón lena bheancéile Meryem, a iníon Lilya, a mháthair Barbara, lena dheirfiúr Deirdre, lena dheartháir Terry agus lena chomhghleacaí oibre Máire Ní Dhálaigh. Sheinn Marc Crickard port álainn draíochtúil, *Hector the Hero* ar an veidhlín i gcuimhne ar Steve McDonogh.

'Gold is for the mistress, silver for the maid
Copper for the craftsman, clever at his trade
'Good' said the Baron, sitting in his stall
But iron, cold iron is master of them all.'

B'é an file iomráiteach Sasanach, Rudyard Kipling a chum an véarsa san agus is deas mar a chuireann sé an t-iarann, ceird an iarainn, ceird na gaibhneachta ar barra. Deineann sé rí don ngabha seachas ceardaithe eile a bhíonn ag gabháilt do mhiotail. Bhíodh gabha, dhá ghabha nó b'fhéidir trí ghabha ins gach paróiste in Éirinn uair dá raibh ag saothrú, ag tuilleamh a mbeatha agus ag freastal ar phobal na háite. B'é an gabha a dheineadh an slabhra agus mhairfeadh an slabhra le saol duine agus é a mhaireachtaint fada go maith. Dheineadh sé an bacán, an tuisle agus sáiteán an dorais, glas agus eochair don ndoras céanna. B'é a dheineadh an rámhann, an píce, an t-uisleán, an crú agus an tairne. B'é a dheineadh fáinní na muc agus an castóir chun an fáinne a chur sa mhuc. Bhí ardmheas ar an ngabha agus ar a chuid oibre mar n'fhéadfadh na daoine maireachtaint dá éagmais. Bhí cumhacht osnádúrtha leis ag an ngabha faoi mar a deirtí, 'briochta ban agus gabhann agus druadh.' Sé sin go bhféadfadh baintreach, gabha nú draoi mallacht nú scamall éigin a chur anuas ar dhuine éagórach. Dá mbeadh cúis éigin ag an ngabha ort agus go n-iompódh sé an t-inneoin ort bhí deireadh leat. Bhí ceard agus ealaín faoi leith ag baint le obair an ghabha go mór mhór an teangmháil a bhíodh aige le capaill. Obair faoi leith ab ea crú a chur faoi chapall, máistreacht iomlán ar cheird an iarainn, tapúlacht, críochnúlacht agus súil ghéar, tuiscint agus cneastacht don ainmhí. Deirtear na trí nithe is géire amuigh, súil na circe ar an ngráinne, súil an óigfhir ar a ghrágeal agus súil an ghabha ar an dtairne. Deirtí leis gur chruinne súil an ghabha ná miosúr an táilliúra. Anois canathaobh go bhfuilim ag caint ar an ngabha maidir leis an leabhar ealaíne seo? Saolaíodh Liam Néill i gCathair Scoilbín, mac do John Néill agus Meáigín, Cíobhánach ón Muirígh. Thógadar muirear mhór, ceathrar déag clainne agus gan fód do thalamh na hÉireann acu. Tháinig Eugene Néill, athair críonna Liam ón gCarachán i bParóiste Múrach go Cathair Scuilbín agus thóg sé tig ceanntuí ar an bhFaithche i lár an bhaile sin. Bhaineadh sé agus shábháladh sé móin istigh i gCom an Lochaigh. Dhíoladh sé rálacha móna thíos i mbaile an Daingin. Is mar sin a mhair sé mar ní raibh fód talún

aige. Gabha ab ea Seán Néill, deartháir do Eugene agus seanuncail do Liam. Bhí gabha eile de mhuintir Néill theas i mbaile Cheantrá, duine de chlann na seanamhuintire, an treabhchas céanna. Is sin mar atá dúchas na gaibhneachta i Liam Néill préamhaithe ina chuid fola le sinsireacht. Níor chuaigh Liam le gaibhneacht mar bhí an cheird sin ag teacht chun deiridh agus phléasc ealaín eile tríd amach atá comhcheangailte lena dhúchas. Bhí an tine, an t-inneoin, an t-uisce agus an t-iarann ag an ngabha. Tá an canbhás, an phéint agus an t-uisce ag Liam. Bhí an casúr, an tlú agus an bior ag an ngabha. Bhíodh an scuab agus cois na scuaibe ar dtúis ama ag Liam lena phéinteáil sé pictiúirí mín séimh slachtmhar smachtaithe nó gur thairg sé chuige an scian agus tá sé ag úsáid na scine riamh ó shin. Is maith is cuimhin leis an tealaíontóir an lá a thaispeáin sé a chéad saothar d’obair na scine. Tháinig Tónaí Ó Muirheartaigh nó Tónaí Bhaile an Lochaigh go Cathair Scoilbín ar an lá áirithe seo. Cuireadh na mílte fáilte roimis. Chuaigh Meáigín an tseomra suí agus tháinig sí anuas le gloine fuiscí faobhar le faobhar. Bhí an pictiúir ag Liam sa chistin ina sheasamh le aghaidh an phictiúra i gcoinne an staighre. ‘Cas timpeall an pictiúir a Liaimín,’ arsa a mháthair leis ‘agus taispeáin dúinn é.’ Chas Liam an pictiúir timpeall. Thóg Tónaí lán a bhéil as an ngloine, d’éirigh sé don gcathaoir, chuimil sé drom a láimhe dá phus, chas sé a chaipín siar ar a leathchluais, chuir sé cumaíocht ar a aghaidh agus labhair sé, ‘God bless my soul,’ ar seisean ‘ach cé dhíolfaidh as.’ Táthars ag ceannach agus ag díol astu riamh ó shin.

Tá ardmheas ag Liam ar a mhuintir, ar a shinsear agus ar an saol as ar fáisceadh é. Tá sé mar chosantóir agus mar chaomhnóir ar shaol atá imithe agus á bhláthú lena chuid ealaíne. Labhrann sé ar a athair John Néill amhail is gur mhair sé inné cé gur cailleadh é in aois a trí fichid sa bhliain 1960. Labhrann sé air ag ithe bricfeasta go moch ar maidin. D’fhágadh sé an tigh ar a rothar le greim bídh, buidéal tae istigh i stoca, píp, clunes tobac, scian, The Friendly Match, made in Dublin by Maguire and Paterson, sluasad agus sleaisir ceangailte siar is aniar ar a rothar. Nuair a bhíodh an

sluasad leathchaite gheibheadh sé sluasad nua ón gcomhairle Contae agus d'úsáideach sé an seana shluasad chun curadóireachta agus bia a sholáthar don dteaghlach. Cífidh sibh an bheocht agus an chuimhne sin ina steillebheathaidh sna pictiúirí.

Tháinig mór ealaíontóirí isteach go dúthaigh Duibhneach a bhain cliú agus cáil amach, leithidí Jack B. Yeats, Harry Kernof, Seán O' Sullivan, Maurice McGonagle, Dr. Edward Wilson agus an dealbhadóir Gary Trimble. Ach tháinig an t-ealaíontóir Liam Néill ón dtaobh istigh amach agus chuir se Cathair Scoilbín ar an mapa. Fáisceadh é as saol an ghabha, saol an chapail, saol na móna na mba agus na gcaorach. Saol naomhóga agus iascach. D'éirigh sé suas sa tsaol san sa tslí dhuit gur mó a thuiscint ar an saghas san saoil ná éinne a tháinig isteach. 'Is breá liom capaill,' ar seisean liom agus ní nach ionadh toisc go bhfuil bruighid na gaibhneachta ann. 'Capall, f. 1. Ainmhidhe aithnideamhail ceathair-chosach chun tarraing ualaigh nó chun marcaidheachta—crúb mhór shlán, sé fiacla gearrtha i ngach corrán agus dhá chair-fhiacail.' As *Éist Leis an gCóta* le Niall Ó Brosnacháin. Tá an píosa san ag freagairt don bpictiúir dár teideal, *Tagtha Abhaile ón Aonach* ina bhfuil capall agus cairt. Braithimid an stréin ar an gcapall ag tarrac an ualaigh i gcoinne an aoird. Faighimid boladh an úire sa phictiúir leis an gcéachta agus an seisreach ag iompó an fhóid. Cífidimid an comhcheangal, an tuiscint agus an geanúlacht idir an feirmeoir agus a chapall. Braithimid an laochas, an atmasféar, an spórt agus an sult sna ráiseanna capall. Tá mórtas cine uaisleacht misneach agus neamhspleáchas sna daoine a phéinteálann sé. Cífidimid an fharraige ag plubaíl timpeall ar an naomhóg, ladharacha móra na bhfear ar na maidí ramha agus neart ina ngéaga. Saol atá imithe ach caomhnaithe ina chuid ealaíne. Is fiú go mór an Réamhrá le Brenda Ní Shúilleabháin a léamh mar tugann sí ana léargas dúinn ar na buanna faoi leith atá ag an ealaíontóir cumasach seo faoi mar a deir sí anseo: "Sa leabhar seo, tá léargas ar leithead agus ar thábhacht saothair Liam. An seansaol a mhaireann fós sa chuimhne chultúrtha, sin é a léiríonn sé. Obair agus bráca ba bhonn leis an saol so, ach bhí an greann, an ceol, an braoinín dí, cadaráil

agus cuideachta comharsan ina dhlúth agus ina inneach. Ba mhór ann an *ball night*, an féasta áitiúil nuair a cheiliúradh an pobal ócáid mhór i dteannta a chéile. Saol é seo ná fuil puinn de thuairisc físiúil air, ach amháin i gcorr-ghrianghraf. Athchruthaíonn Liam an saol so, ón dtaobh istigh. Cuireann sé os ár gcomhair é le glanchuimhne súl, agus le doimhneas tuisceana...Péinteálann sé anam na muintire atá imithe romhainn, déanann sé gairdeas ina dhúchas.’’

Ansan tá na píosaí próis, dánta, véarsaí, seanfhocail agus ráiteasaí béalaoideasa as litríocht dhúchasach Chorca Dhuibhne agus le filí a tháinig isteach ón dtaobh amuigh. Tá na píosaí scríbhinne seo atá roghnaithe go cruinn ag oiriúint go beacht agus ag bláthú an phictiúra. Tá an pictiúir leis ag bláthú na scríbhinne. Tá siad chomhcheangailte lena chéile mar a deirtear sa réamhrá, “Ritheann saibhreas na dtéacsanna go hálainn leis na híomhánna, mar léiriú ar an gcumas caomnaithe agus nuálaithe i dteannta a chéile a bhaineann le léann na hÉireann.”

Seo é an dán dár teideal, *Ór* ag feagairt don spealadóir ag baint an arbhair, pictiúir órga:

Dathanna órga an arbhair sa phictiúir
is an spealadóir ag baint an fhómhair
ach cá bhfuil an t-ór?
San eorna sa bhfear nó sa speal!
Tá an spealadóir strupálta
is a mhuiriltí truisseálta,
a ghéaga lom láidre
is a chorp righin dícheallach.
Níl aon áit ina mbeadh an t-ór
ach i sláinte an spealadóira
is an speal aige ‘na chomhair
ag bailiú an fhómhair.

Léiríonn Ó Néill an t-ealaíontóir
go bhfuil an t-ór i bhfoirm cóir
i measc an fhómhair ar thalamh cóirithe
ach tá an t-ór seo atá ‘na phór
curtha os a chomhair
ag a shinsear le scórtha mórtais.’

Tá an dán seo tógtha as an leabhar, ‘Mil na Ceardlainne,’ foilsithe
An Sagart, An Daingean 2008.

Is onóir mhór domsa gur iarradh orm an leabhar seo a sheoladh
agus ba mhaith liom na línte seo a léamh in ómós don leabhar
céanna.

Corca Dhuibhne/Liam Ó Neill

Soilsíonn dathanna dearga gorma agus bána inár gcroíthe,
Fáisctear isteach sinn in atmasféar an ráis,
Rinceann an ceol inár gliabhraigh,
Treoraíonn failleacha, stocáin agus carraigeacha
Sinn go dtí doimhneacht na farraige.
Seoltar suas na cnoic sinn,
Mealltar chun an Oileán Tiar sinn,
Blaisimid úire an chré ó sheisreach treabhtha.
Faighimid boladh an allais, na bportaithe,
An fhéir, an arbhair agus an éisc.
Cloisimid plubáil an uisce le taobh na naomhóige,
Seitreach na gcapall, géimneach na mba
Méileach na gcaorach, sceamhaíl an mhadra
agus glórtha tairric na gcartacha capall

Címíd críochnúlacht an ghabha,
Mórtas cine agus dúil chun soláthair.
Tugann rothair chun cinn sinn
Gioraíonn beirt bóthar dúinn.
Osclaíonn na mairbh a súile dhúinn.
Téann focail i bhfeidhm orainn,
Baineann véarsaí filíochta geit asainn,
Measctar bréithre agus dathanna dúinn,

Nasctar seanfhocal agus pictiúir dúinn.
Báitear inár ndúchas sinn
Ag ceiliúradh saíocht Chorca Dhuibhne.
Gaudeamus---gairdímís!

Is fiú go mór díbh an leabhar seo a léamh agus lán na súl a bhaint as mar líonfaidh sé bhúr gcroíthe do ghrá na ndaoine agus do dhraíocht na háite. Guím gach rath sa tsaol ar an sársaothar seo agus leis sin fógraím Corca Dhuibhne Liam O' Neill, le réamhrá agus curtha in eagar ag Brenda Ní Shúilleabháin, tiomnaithe do Julie beancéile Liam agus David a mac, foilsithe ag Bréanainn oscailte scaoilte séidte seolta.